

Prós | Sample Answer

Oisín i dTír na nÓg (2016- Páipéar 2, Ceist 2A)

Maidir leis an scéal béaloidis Oisín i dTír na nÓg, déan plé gairid as seo a leanas: *(With regards to the folklore story Oisín i dTír na nÓg, discuss briefly the following:)*

An léiriú a fhaighimid ar Oisín mar dhuine grámhar dílis sa scéal. *(The presentation we get of Oisín as a loving, loyal person in the story.)*

Sa scéal seo, faighimid léiriú *(presentation)* ar Oisín mar dhuine grámhar, dílis. Ar an gcéad dul síos, cruthaítear *(is created)* Oisín mar dhuine grámhar nuair a thug sé cabhair don ghrúpa a bhí ag baint cloch (moving a rock). Ní raibh siad láidir go leor *(strong enough)* an chloch a bhogadh iad féin *(they weren't strong enough to move the rock themselves)* agus mar sin, chabhraigh Oisín leo. Léiríonn sé sin gurbh duine grámhar é Oisín mar thug sé cabhair dóibh cé go raibh sé i ndainséar dá dtitfeadh sé den chapall *(even though he was in danger if he fell from the horse)* agus rinne sé é ar aon nós.

Anuas ar seo, bhí an-ghrá ag Oisín dá athair Fionn Mac Cumhaill agus dá chairde sna Fianna. Tháinig Niamh Chinn Óir go Loch Léin ag lorg Oisín mar bhí sí i ngrá go mór leis *(totally in love with him)*. Nuair a bhuail Oisín léi chuir sí geasa air teacht léi *(she put a spell on him to come with her)* go Tír na nÓg. Bhí gach rud álainn ann; bhí torthaí *(fruit)* agus bláthanna le fáil go flúirseach *(plentifully)* agus níor éirigh aon duine sean nó tinn ann *(nobody got old or sick there)*. Shocraigh Oisín dul le Niamh go Tír na nÓg ach bhí an-bhrón air mar bhí sé ag fágáil a athair, Fionn, agus a chairde. Phóg sé a athair go brónach agus thosaigh sé ag caoineadh *(crying)* chomh maith leis sin. Smaoinigh siad ar na laethanta deasa a chaith siad ag imirt fichille *(playing chess)*, ag ól agus ag éisteacht le ceol agus ag seilg *(hunting)* le chéile. Músclaíonn sé seo an grá *(this evokes the love)* a bhí ag Oisín dá athair agus mar sin is léir gur fear grámhar é.

Thairis seo (*beyond this*), d'fhéadfaí a rá (*one could say*) gur duine dílis é Oisín mar cé nach raibh sé ag iarraidh (*even though he didn't want to*) a chlann agus a chairde a fhágáil, shocraigh sé dul le Niamh go Tír na nÓg. Bhí sé dílis don gheasa (*loyal to the spell*) a chur Niamh air.

Feicimid go raibh sé dílis arís nuair a throid sé (*he fought*) le Fómhar Builleach ag dún (*fort*) Rí na mBeo chun iníon an rí a shábháil (*to save the daughter of the king*). Bhí an iníon mar bhrá (*hostage*) ag Fómhar Builleach agus throid Oisín leis ar feadh trí lá agus trí oíche chun í a scaoileadh saor (*set free*). Mharaigh (*murdered*) sé Fómhar Builleach ansin. Is léir go raibh sé dílis dá ghairm mar laoch (*loyal to his title as a hero*) anseo.

Bhí an-ghrá ag Oisín do Niamh. Nuair a chuir sí an geasa air thit sé i ngrá (*he fell in love*) léi. Chuaigh siad go Tír na nÓg agus chaith siad blianta fada, deasa (*long, nice years*) ann le chéile. Phós siad agus bhí beirt mhac agus iníon amháin acu. Bhí Oisín an-dílis dá bhean chéile (*wife*) na blianta seo agus bhí an-ghrá aige di.

Ina theannta sin, bhí Oisín dílis dá chlann agus dá chairde in Éirinn. Cé gur fhág sé iad (*even though he left them*), bhí sé ag iarraidh dul ar ais go hÉireann chun iad a fheiceáil arís. Ní dhearna sé dearmad orthu (*he didn't forget them*) cé go raibh saol níos fearr (*better life*) aige i dTír na nÓg. Léiríonn sé a ghrá dóibh nuair a chuaigh sé ar ais ann chun iad a fheiceáil.

Mar sin, is léir ó na rudaí atá luaite (*mentioned*) gur duine grámhar, dílis é Oisín.

Scríobh síos dhá shampla den áibhéil sa scéal agus déan plé gairid ar gach ceann díobh. (*Write down two samples of exaggeration in the story and discuss briefly each of them.*)

Bhí na himeachtaí (*events*) sa scéal béaloidis (*folklore story*) seo ar fad áibhéaleach (*exaggerated*) agus dochreidte (*unbelievable*). Tharla na rudaí áibhéalacha mar gheall ar an draíocht (*magic*). Tóg mar shampla (*take for example*) Tír na nÓg féin. San áit seo níor éirigh aon duine sean nó tinn. Ba áit dhraíochtúil í (*it was a magical place*) Tír na nÓg. Níorbh áit réadúil (*realistic*) í ach áit a mhair i samhlaíocht an duine (*lived in a person's imagination*). Bhí gach rud álainn agus foirfe (*perfect*) ann. Bhí torthaí agus bláthanna de gach saghas le fáil go flúirseach ann. Bhí saol deas, fada ag gach duine a bhí ina gcónaí ann. Ní gá a rá (*there is no need to say*) go raibh na rudaí seo dochreidte. Ba thír is deise ar domhan í (*it was the nicest place in the world*)

- bhí sí foirfe. Tá sé deacair a chreidiúint (*hard to believe*) go bhfuil áit chomh deas mar seo (*as nice as this*) sa domhain.

Bhí draíocht ag baint (*connected*) le Tír na nÓg chomh maith. Bhí cumhachtaí draíochta (*magical powers*) ag Niamh Chinn Óir. Bhí ar chumas (*ability*) Niamh Oisín a chur faoi gheasa (*under a spell*) agus ansin bhí sé de dhualgas air (*it was his duty*) dul go Tír na nÓg léi. D'fhéadfaí a rá (*one could say*) go bhfuil Tír na nÓg féin draíochtúil agus go n-úsáidtear áibhéil (*exaggeration is used*) chun an áit ósnádurtha (*supernatural place*) seo a chur ós ár gcomhair.

Ar an dara dul síos, tá áibhéil le feiceáil sna himeachtaí a tharla nuair a tháinig Oisín ar ais go Gleann na Smól. Bhí trí chéad fear ag baint cloch ann, ach ní riabh siad láidir go leor (*strong enough*) chun é sin a dhéanamh. Ansin, nuair a shroich Oisín an áit thug sé cabhair dóibh. Bhí sé in ann an cloch a bhaint ina aonar (*able to move the rock by himself*). Bhí sé féin níos láidre (*he himself was stronger*) ná na trí chéad fear ar fad ann. Is léir ón rud seo go bhfuil áibhéil ag baint le cumhacht Oisín (*Oisín's strength*). Tá sé deacair a chreidiúint go bhféadfadh fear amháin (*one man could*) carraig mhór a chaitheamh uaidh le láimh amháin (*carry a huge rock with one hand*) agus é fós ar mhuin capaill (*while he was still on the horse's back*).

Ina theannta seo, nuair a thit Oisín dá chapall agus sheas sé ar thalamh na hÉireann (*land of Ireland*), d'éirigh sé ina sheanfhear dall (*blind, old man*). Tá sé seo dochreidte agus áibhéalach. Conas a n-éirítear sean agus dall (*how does one get old and blind*) ag seasamh ar thalamh na hÉireann?

Mar sin, ní fhéadfaí a bheith in aon amhras faoi ach go bhfuil na himeachtaí agus na háiteanna ar fad sa scéal seo áibhéalach agus dochreidte.